

Cairt Teanga an Chomhaontais Ghlais

(leasú 2020)



Réamhrá

Seo gné lárnach de pholasáí Gaeilge an pháirtí chun tiomantas an pháirtí féin d'fhorbairt agus cothú na Gaeilge ar bhealach praiticiúil agus pleanáilte go himheánach a léiriú. Is minic a bhíonn béalchráifeacht don teanga le tabhairt faoi deara i measc na bpáirtithe polaitíochta, rud is cúis le fimíneacht go minic, agus níl sé seo chun leas na teanga. Iarracht í an Chairt seo le beart a dhéanamh de réir briathair sa Chomhaontas Glas.

Is é an ghné is tábhachtaí di ná go mbeidh sé soiléir don phobal go bhfuil fáilte roimh Ghaeilge sa Chomhaontas Glas agus go bhfuil an páirtí féin ag féachaint leis an bpolasaí Gaeilge atá acu féin a chur i bhfeidhm go himheánach chomh fada agus is féidir, faoi réir na n-acmhainní atá ar fáil. Ar an mbonn sin, tá an Chairt seo bunaithe ar choincheap sochtheangeolaíoch ar a dtugtar 'tairiscint ghníomhach'.

Riarachán an pháirtí

- Roghnóidh an Coiste Feidhmiúcháin duine dá chomhalta go bliantúil tar éis na hArdfheise a mbeidh sé de fhreagracht air/uirthi maoirseacht a dhéanamh ar chur i bhfeidhm na Cairte seo. Pléifidh an duine sin le foireann ghairmiúil an pháirtí chun seo a bhaint amach, agus rachaidh sé/sí i gcomhairle go rialta le hUrlabhraí Gaeilge an pháirtí, cathaoirleach ghrúpa polasaí na Gaeilge agus le gnáthbhaill an pháirtí chun aiseolas a fháil ar a cur i bhfeidhm. Tuairisceoidh sé/sí don Choiste Feidhmiúcháin go rialta ar chur i gcrích na bhforálacha sa Chairt seo. Tabharfaidh an comhalta a roghnófar tuairisc fhoirmiúil don Choiste Feidhmiúcháin ar chur i bhfeidhm na Cairte seo uair amháin in aghaidh na bliana ar a laghad.

- Gheobhaidh an páirtí amach cé na hionadaithe poiblí den pháirtí, idir thofa agus neamhthofa, a bhfuil Gaeilge acu agus atá toilteanach plé leis na meáin, na baill agus leis an bpobal i gcoitinne trí Ghaeilge. Stiúrfaidh an comhalta thuasluaite den Choiste Feidhmiúcháin an próiseas seo agus cuirfear na sonraí a bhaileofar ar fáil do phreasoifigeach/phreasfhoireann an pháirtí agus do na

meáin Ghaeilge náisiúnta. Déanfar nóta de réimse saineolais na ndaoine sin chomh maith, ionas go mbeidh réimse leathan ionadaithe ar fáil atá in ann labhairt go heolach i nGaeilge faoi ábhair éagsúla a mbíonn an páirtí ag trácht orthu. Nuashonrófar an liosta seo go bliantúil.

- Gheobhaidh an páirtí amach cé na baill foirne a bhfuil Gaeilge acu agus atá toilteanach plé leis na baill agus leis an bpobal i gcoitinne trí Ghaeilge. Déanfar taifead orthu seo ar liosta agus iarrfar orthu a lua go soiléir i síniú a gcuntas ríomhphoist gairmiúil gur féidir plé leo trí Ghaeilge. Stiúrfaidh an comhalta thuasluaite den Choiste Feidhmiúcháin an próiseas seo agus cuirfear na sonraí sin ar fáil do phríomhoifigigh an pháirtí de réir mar is iomchú chun seirbhísí teanga a éascú sa Chomhaontas Glas. Nuashonrófar an liosta seo go bliantúil.

- Gheobhaidh an páirtí amach cé na gnáthbhaill den pháirtí atá oile ar ábhar a aistriú go Gaeilge agus atá toilteanach ábhar Gaeilge a aistriú don pháirtí go deonach. Stiúrfaidh an comhalta thuasluaite den Choiste Feidhmiúcháin an próiseas seo agus cuirfear pé comhad deiridh a chruthófar ar fáil do na daoine iomchú d'fhoireann riaracháin an pháirtí chun téacsanna poiblí an pháirtí a chur ar fáil go dátheangach, agus chun seirbhísí teanga a éascú sa pháirtí.

An tIdirlíon, ríomhphost agus TF

- Beidh teachtaireacht ghearr Ghaeilge ag bun na ríomhphost ó info@greenparty.ie le cur in iúl go gcuirtear fáilte roimh chomhfhreagras i nGaeilge ó na baill agus ón bpobal i gcoitinne.
- Cuirfidh an páirtí suíomh gréasáin atá go hiomlán dátheangach ar fáil don phobal agus dá bhaill. Beidh an leagan Béarla ag greenparty.ie agus an leagan Gaeilge ag comhaontasglas.ie agus ceangal (cnaipe soiléir) eatarthu ar gach aon leathanach den dá shuíomh. Nuair a chinneann an páirtí suíomh gréasáin nua a fháil, cuirfear san áireamh ó thús an phróisis pleanála sin nach mór suíomh atá go hiomlán dátheangach a chur ar fáil, agus déanfar an dearadh/leagan amach a bheidh air a phleanáil dá réir. Cinnteofar go mbeidh na bogearraí a úsáidfear lena aghaidh oiriúnach do shíntí fada agus siombailí eile ar bith a úsáidtear sa chló rómhánach.
- Déanfaidh ceannaire/leas-cheannaire an pháirtí físeán gearr simplí chun a t(h)acaíocht a léiriú don chur chuige nua i leith na Gaeilge, chun gur féidir an cás nua a fhógairt ar na meáin shóisialta agus ar an idirlíon i gcoitinne.
- Cinnteoidh an páirtí go n-éascófar an síneadh fada i dteicneolaíocht ar bith a bheidh in úsáid ag an bpáirtí amach anseo agus beidh sé mar riachtanas i gcás bogearraí nua ar bith a cheannóidh an páirtí/a dhéanfar don pháirtí amach anseo.
- Cinnteoidh lucht riaracháin an pháirtí go litreofar ainmneacha Gaelacha sa bhunachar sonraí de réir an nós Ghaelaigh (.i. Ó Néill, seachas O'Neill/O'Neill/Ó'Néill) agus go n-éascófar litriú ainmneacha Gaelacha nuair a chuireann ball ar bith a (h)ainm ar fáil san fhoirm sin.
- Beidh na baill in ann chlárú/athchlárú mar bhaill trí Ghaeilge ar an suíomh gréasáin, chomh maith lena mballraíocht a bhainistiú ar an suíomh trí Ghaeilge.
- Féachfaidh an páirtí chuige go méadófar feicéalacht na Gaeilge i ngníomhaíochtaí an pháirtí ar na meáin shóisialta. Tá leathanaigh Ghaeilge ar Facebook/Twitter darb ainm 'Gaeilge sa Chomhaontas Glas' ag an bpáirtí cheana féin. Tacófar leo seo chomh minic agus is féidir trí phríomhleathanaigh Bhéarla an pháirtí. Roinnfidh an cuntas 'Green Party Ireland' ar Twitter gach tvuít ón gcuntas Gaeilge ar Twitter (rud a dhéantar go minic cheana). Roinnfidh sé

postáil amháin in aghaidh an lae ar a laghad ón leathanach Gaeilge ar Facebook nuair a dhéantar postálacha ar an leathanach sin, agus roinnfear an oiread acu agus is féidir, go háirithe nuair nach bhfuil mórán á phostáil ón gcuntas Béarla ar laethanta áirithe.

- Geallann an pháirtí go dtabharfar freagra i nGaeilge ar chomhfhreagras/tráchtanna ar bith i nGaeilge a fhaightear go leictreonach, bídis faighte trí ríomhphost nó ar na meáin shóisialta.

Meirgí agus suaitheantais

- Beidh téacs na Gaeilge agus an Bhéarla ar comhchéim ar gach meirge agus suaitheantas oifigiúil a chruthófar don Chomhaontas Glas amach anseo, rud atá á dhéanamh go neamhréireach go minic sa pháirtí cheana féin. Cinnteofar chomh maith go mbeidh an suíomh gréasáin Gaeilge luaite in éineacht leis an suíomh Béarla nuair a chinntear seoladh gréasáin a lua ar na suaitheantais/meirgí céanna.
- Léireofar/fógrófar suaitheantais/lógónna i nGaeilge do bhaill an pháirtí ionas go mbeidh a fhios acu go bhfuil siad ar fáil chun críocha poiblíochta, go háirithe aimsir thoghcháin.
- Féachfar chuige go bhfeabhsófar stádas na Gaeilge ar chárta ballraíochta an pháirtí chomh maith nuair a chruthófar leagan nua de.

Toghcháin

- Beidh íosmhéid 20% de na póstaer chomhchineálacha ag an bpáirtí náisiúnta i nGaeilge.
- Beidh sluáin toghcháin curtha in iúl sa dá theanga oifigiúla ó thús feachtais toghcháin ar bith.
- Tacófar le litríocht toghcháin a chur ar fáil i nGaeilge sna contaetha ina bhfuil Gaeltachtaí. Meabhrófar d'iarrthóirí/grúpaí áitiúla Glasa sna toghlaigh sin go bhfuil limistéar Gaeltachta ina dtoghcheantar féin agus spreagfar iad le litríocht a chur ar fáil i nGaeilge do phobal na Gaeltachta, má tá sé sin ar a n-acmhainn. Cuirfidh grúpa na Gaeilge sa pháirtí aistriúcháin i nGaeilge ar fáil saor in aisce do na hiarrthóirí sna toghlaigh sin, rud a laghdóidh costas ar bith a bhainfeadh leis sin go mór.
- Cuirfear in iúl d'iarrthóirí go ginearálta agus do lucht eagraithe a bhfeachtais ar fud na tíre gur féidir le grúpa polasaí na Gaeilge aistriúcháin saor in aisce a chur ar fáil dóibh má chuireann siad téacs ar fáil i mBéarla dó in am trátha. Spreagfar gach iarrthóir le húsáid a bhaint as an tseirbhís seo dá b(h)ileoga féin, más mian leis/léi. Meabhrófar dóibh chomh maith gur féidir leo an leagan Gaeilge dá mbeathaisnéis ar comhaontasglas.ie a úsáid chomh maith in ábhar poiblíochta.
- Cuirfear leagan Gaeilge d'fhorógraí toghcháin an pháirtí ar fáil agus féachfaidh oifigigh/foireann an pháirtí chuige go gcríochnófar an leagan Béarla luath go leor chun gur féidir Gaeilge a chur air in am trátha d'ócáidí seolta an fheachtais.

Baill an pháirtí

- Éascóidh an pháirtí bunú cumainn chomhlaigh den pháirtí do lucht na Gaeilge, ar aon dul le Mná Glasa, Glasaigh Aiteacha, Óige Ghlas srl.

- Eagrófar ócáid shóisialta amháin ar a laghad trí Ghaeilge ag ardfheis náisiúnta an pháirtí gach bliain mar bhealach le cainteoirí Gaeilge an pháirtí a chur in aithne dá chéile. Is minic nach n-aithníonn daoine an oiread cainteoirí Gaeilge atá ina measc i dtimpeallacht Bhéarla agus seo rud a d'éascódh líonra/pobal cainteoirí Gaeilge sa pháirtí. Féachfar le himeachtaí a eagrú agus iad **trí** Ghaeilge seachas bheith **faoin** nGaeilge amháin (m.sh. ceardlann trí Ghaeilge faoi ghníomhú ar son na haeráide).

Doiciméid phoiblí agus polasaithe an pháirtí

- Aistreofar polasaithe críochnaithe uile an pháirtí go Gaeilge agus cuirfear ar fáil iad don phobal go dátheangach ar shuíomh gréasáin an pháirtí. Ciallóidh sé seo chomh maith go mbeidh sé i bhfad níos éasca leagan iomlán Gaeilge den fhorógra toghcháin a chur le chéile le haghaidh an chéad olltoghcháin eile, ós rud é go mbeifear in ann cuid mhaith 'Gearradh agus Greamú' a dhéanamh ó na polasaithe aistrithe.
- Seolfaidh gach grúpa polasaí dréacht deiridh polasaí nua ar bith chuig aistritheoir(i) ceaptha an pháirtí le bheith aistrithe, agus féachfaimid leis an leagan Gaeilge a sheoladh in éineacht leis an leagan Béarla.
- Aistreofar doiciméid eile phoiblí ar bith atá cruthaithe ag an bpáirtí agus atá ar fáil don phobal ar an suíomh gréasáin.
- Beidh an chairt ar crochadh go soiléir san oifig ionas nach mbeadh aon éiginnteacht ann faoina bhfuil inti agus chun gur féidir le lucht riaracháin an pháirtí eolas a chur uirthi go héasca. Seolfar í trí ríomhphost chuig na baill bhainteacha den pháirtí agus cuirfear í ar taispeáint ar shuíomh gréasáin an pháirtí chomh maith.
- Cinnteoidimid go gcuirfear doiciméid phoiblíochta an pháirtí (bileoga/litríocht faoin bpáirtí ag comhdhálacha srl.) ar fáil go dátheangach chomh maith.

Na Meáin Chumarsáide

- Féachfar le tuilleadh preasráiteas a chur amach go dátheangach agus an líon sin a mhéadú de réir a chéile.
- Coinneoidh an Phreas-Oifig bunachar sonraí ar leith de shonraí teagmhála mheáin uile na Gaeilge chun iad a choinneáil ar an eolas faoi fhorbairtí Gaeilge sa pháirtí agus de réir mar a mhéadaítear líon na bpreasráiteas a chuirimid amach i nGaeilge.
- Féachfaidh an páirtí chuige go mbeidh leagan Gaeilge d'fhíseán/íomhá/méim leictreonach phoiblíochta ar bith a chruthaíonn an phreasfhoireann ar fáil i nGaeilge chomh maith, go háirithe físeáin nach bhfuil ach téacs iontu.

An Ardfheis

- Cinnteofar go n-aistreofar mana na hArdfheise go Gaeilge agus go mbeidh sé le feiceáil ar comhchéim leis an mBéarla ar mheirgí na hArdfheise agus ar na príomhléachtáin do chainteoirí. Má tá breis is léachtán amháin ann, beidh an Ghaeilge ar cheann amháin acu, agus Béarla ar an gceann eile. Beidh seoladh gréasáin Gaeilge an pháirtí ar taispeáint ar comhchéim le seoladh an tsuímh i mBéarla.

- D'fhonn feiceálacht na Gaeilge a fheabhsú agus le tacú le teacht le chéile phobal Gaeilge an pháirtí, cuirfidh an páirtí greamáin nó suaitheantais ghlasa ar fáil ar a mbeidh na focail 'Tá Gaeilge agam' ag Ardfeis an pháirtí. Cuirfear seoladh ríomhphoist Gaeilge (gaeilge@greenparty.ie) an pháirtí air seo chomh maith. Tabharfar ceann acu do gach aon bhall a chláraíonn ag deasc chlárúcháin na hArdfeise le linn na hArdfeise, agus déarfad leo céard atá i gceist leo. Ar ndóigh, fágfar faoi na baill féin é cinneadh a dhéanamh cé acu an gcaithfidh nó nach gcaithfidh siad é.

Toghcháin/reifrinn inmheánacha an pháirtí

I gcás na dtoghchán/na reifreann lena ndéantar cinntí náisiúnta/oifigigh/ceannaire a thoghadh, cinnteoidh an pháirtí go bhfuil an Ghaeilge ar comhchéim leis an mBéarla ar an bpáipéar ballóide a sheolfar amach/a thabharfar do na baill, ar aon dul leis na páipéir bhallóide a úsáidtear i dtoghcháin/reifrinn an Stáit.

Dul chun cinn agus forbairt

- Coinneofar baill an pháirtí ar an eolas i nGaeilge agus i mBéarla faoi fhorbairt na seirbhísí Gaeilge/na Cairte Teanga sa pháirtí diaidh ar ndiaidh trí nuashonrúcháin ríomhphoist an pháirtí.
- Déanfar athbhreithniú ar an gCairt Teanga seo tar éis trí bliana ar a laghad, ach féadfar í a leasú am ar bith má mheasann baill an pháirtí gá a bheith leis sin. Scrúdófar an dul chun cinn agus an méid atá bainte amach ó cuireadh i bhfeidhm í ar dtús, agus fiosrófar bealaí chun í a fheabhsú ar mhaithe le dátheangachas sa pháirtí a dhaingniú.
- Glacfar go leanúnach le haiseolas ó bhaill an pháirtí agus ón bpobal i gcoitinne ar an gCairt Teanga tar éis di teacht i bhfeidhm, agus cuirfear an t-aiseolas sin san áireamh sa chéad athbhreithniú eile. Ba chóir do dhuine ar bith ar mian leis/léi a t(h)uairim a chur in iúl faoi seo ríomhphost a sheoladh chuig gaeilge@greenparty.ie